



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL (400 marc)

DE LUAIN, 19 MEITHEAMH, 2006 – TRÁTHNÓNA, 2.00 i.n. go dtí 5.00 i.n.

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

### Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

### Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach cheist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

### Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach cheist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

### Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a freagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

**ROINN 1 (120 marc)**  
Freagair **Ceist 1** nó **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Cuntais Chríochnaitheacha na Ranna i gCuideachta Teoranta**

Tá dhá Roinn sa chuideachta Kilroy Tta – Éadaí Spóirt agus Bróga. Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2005.

	€	€
Scairchaipiteal		
Údaraithe – 400,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		
Eisithe – 300,000 Gnáthscair ar €1 an ceann.....		300,000
Veaineanna Seachadta ar costas .....	90,000	
Foirgnimh ar Costas .....	500,000	
Dímheas Carntha – Veaineanna Seachadta .....		16,000
Dímheas Carntha - Foirgnimh .....		35,000
Bintiúir 10% .....		60,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe .....	108,000	146,200
<b>Roinn na Éadaí Spóirt</b>		
Stoic 1/1/2005 .....	63,000	
Ceannacháin agus Díolacháin .....	320,000	540,000
Carraireacht isteach.....	2,500	
<b>Roinn na mBróg</b>		
Stoic 1/1/2005 .....	38,000	
Ceannacháin agus Díolacháin .....	140,000	360,000
Aischur isteach.....	1,000	
Árachas .....	34,000	
Tuarastail agus Speansais Ghinearálta .....	80,500	
Táillí Stiúrthóirí .....	50,000	
Solas agus Teas.....	64,000	
Iarmhéid Brabúis is Cailteanais 1/1/2005.....		18,000
CBL .....		8,200
Banc .....		5,600
Airgead Tirim .....	1,400	
ÍMAT agus ÁSPC.....		3,400
	<u>1,492,400</u>	<u>1,492,400</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2005:
 

Éadaí Spóirt	€45,000
Bróga	€32,000
- (ii) Tá Soláthar in aghaidh Dímheasa le déanamh ar an mbealach seo a leanas:
 

Foirgnimh	-	3% den chostas
Veaineanna Seachadta	-	20% den chostas
- (iii) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'Ús dlite ar Bhintiúir.
- (iv) Na speansais a bhaineann leis an dá roinn, ba chóir iad a roinnt ar bhonn Díolachán **nó** Spás Úrláir nuair is cuí sin.
- (v) Tá an spás úrláir roinnte mar seo
 

Éadaí Spóirt	75%
Bróga	25%
- (vi) San áireamh faoi Árachas thuas tá seic €8,000 ar Árachas Foirgnimh don bhliain dar críoch 30/3/2006.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

- (a) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais na Ranna don bhliain dar críoch 31/12/2005. (80)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2005. (40)

**(120 marc)**

## 2. Dímheas agus Athluacháil Shócmhainní Seasta

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Ó Cathasaigh Teoranta:

01/01/2004	Foirgnimh ar a gcostas €570,000 san iomlán.
01/01/2004	Ba é an t-iarmhéid sa Chuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa ná €76,000.
01/05/2004	Cheannaigh foirgneamh ar €160,000.
01/05/2004	Dhíol foirgneamh ar €220,000, a chosain €130,000. Ba é €110,000 luach an fhoirgnimh sin de réir na leabhar ar 1/5/2004.
31/12/2004	Ba é an dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/2004 ná €31,000.
01/01/2005	Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €800,000.
31/12/2005	Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar ráta 2% de luach na bhfoirgneamh ar 1/1/2005.

### Iarrtar ort a thaispeáint:

- (a) Cuntas na bhFoirgneamh don dá bhliain 2004 and 2005. (15)
- (b) An Cuntas Soláthair in aghaidh dímheasa don dá bhliain 2004 agus 2005. (20)
- (c) Cuntas Dhiúscairt na bhFoirgneamh don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (15)
- (d) An Cuntas Cúlchiste Athluachála. (10)

**(60 marc)**

## 3. Cuntais Gnólachta Seirbhíse

Seo thíos na sócmhainní agus na dliteanais ag Alan Morgan, dochtúir, ar 1/1/2005:

Foirgnimh €710,000, Troscán €12,800, Carr €44,000, Suimeanna dlite ó othair phríobháideacha €360, Trealamh Leighis €8,000, Airgead sa Bhanc €25,000, Costais Teileafóin dlite €1,400.

Baineadh na sonraí seo a leanas as na taifid aige ar 31/12/2005:

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Táillí Othar Príobháideach	190,200	Ceannacháin Trealamh Leighis	18,000
Scéim Cárta Leighis	97,800	Teileafón	6,700
		Leictreachas	12,900
		Tuarastal Fáilteora	36,000
		Irisí	1,200
		Speansais Mhótair	22,300
		Táillí Iniúcháir	2,600
		Turastal Dochtúir Uainíochta	29,000
		Rátaí	4,600
		Árachas	23,000

Tá an t-eolas breise seo a leanas le cur san áireamh ar 31/12/2005:

- (i) Costais Teileafóin dlite € 900
- (ii) Táillí dlite ó Othair Phríobháideacha € 1,700
- (iii) Tuarastal dlite don Fháilteoir € 400
- (iv) Carr a dhímheas de réir 10% agus Trealamh Leighis de réir 25%.

### Iarrtar ort:

- (a) Caipíteal Alan Morgan ar 1/1/2005 a ríomh. (20)
- (b) Cuntas ioncain agus caiteachais Morgan a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2005. (40)

**(60 marc)**

THALL→

#### 4. Ráiteas Imréitigh Bainc

Leagtar amach thíos Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc Louise de Faoite do mhí Aibreáin 2006.

#### Cuntas Bainc

	€			€
Aibreán 1 Iarmhéid t/a	2,960	Aibreán 5	Árachas 200101	800
Aibreán 6 Díolacháin Lóisteáilte	3,280	Aibreán 10	M. Ó Riain 200102	1,960
Aibreán 20 Lóisteáil	4,500	Aibreán 12	L. Ward 200103	870
Aibreán 28 Díolacháin Lóisteáilte	2,900	Aibreán 14	T. Benson 200104	560
		Aibreán 21	Rátaí 200105	300
		Aibreán 26	L. Ó hEidhin 200106	1,940
		Aibreán 27	G. Ó Ceallaigh 200107	620
		Aibreán 28	Iarmhéid t/s	6,590
	<u>€13,640</u>			<u>€13,640</u>

#### Ráiteas Bainc ar 30/4/2006

Aibreán		Dochar €	Sochar €	Iarmhéid €
1	Iarmhéid t/a			2,960
3	Ús Faighte		140	3,100
6	200101 – Árachas	800		2,300
6	Lóistéail		3,280	5,580
12	200102 - M. Ó Riain	1,960		3,620
18	200104 – T. Benson	560		3,060
19	Lóisteáil		4,500	7,560
20	T. Black (C/T obtha)	540		7,020
20	200105 - Rátaí	300		6,720
21	Ordú Seasta	510		6,210
28	Táillí Bainc	55		6,155
28	M. Mooney	360		5,795

**Nóta:** An €360 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar Aibreán 28, breacadh do dhochar chuntas Louise de Faoite trí earráid é in ionad é a bhreacadh do dhochar chuntas Liam de Faoite.

#### **Iarrtar ort:**

- (a) Cuntas Bainc Coigeartaithe Louise de Faoite a thaispeáint agus an iarmhéid coigeartaithe a tharraingt anuas. (35)
- (b) Ráiteas a ullmhú ar 30/4/2006 chun an iarmhéid choigeartaithe sa Cuntas Bainc a réiteach leis an iarmhéid sa Ráiteas Bainc. (25)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**  
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Míniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Ó Briain Tta. don bhliain 31/12/2005.

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2005**

	€	€
Díolacháin Chreidmheasa		800,000
Lúide: Costas Díolachán		
Stoc 1/1/2005	?	
Ceannacháin	<u>564,000</u>	
	?	
Lúide: Stoc 31/12/2005	<u>62,000</u>	?
Ollbhrabús		240,000
Lúide: Speansais (Ús €20,000 san áireamh)		<u>43,000</u>
Glanbhrabús don bhliain		197,000
Iarmhéid Bhrabúis agus Chaillteanais 1/1/2005		<u>41,000</u>
Iarmhéid Bhrabúis agus Chaillteanais 31/12/2005		<u>238,000</u>

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2005**

	€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>		840,000
<b>Sócmhainní Reatha</b> (Féichiúnaithe €56,000 san áireamh)	180,000	
<b>Lúide Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite laistigh de bliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	<u>72,000</u>	<u>108,000</u>
		<u>948,000</u>
<b>Maoinithe ag</b>		
<b>Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin		
Bintiúir 8% (2009/2011)		250,000
<b>Caipiteal agus Cúlchiste</b>		
Gnáthscaireanna		460,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>238,000</u>
		<u>948,000</u>

- (a) **Iarrtar ort iad seo a ríomh:**
- (i) An Stoc Tosaigh.
  - (ii) An tréimhse chreidmheasa a thugtar d'Fhéichiúnaithe.
  - (iii) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.
  - (iv) An Cóimheas Fíorthástála. (40)
- (b) **Mínigh iad seo a leanas:**
- (i) Bintiúir 8% (2009/2011).
  - (ii) Díbhinn Tosaíochta.
  - (iii) Ús.
  - (iv) Ráta Láimhdeachais an Stoic. (40)
- (c) Dá mba iad 1.8:1 agus 1.2:1 an Cóimheas Reatha agus an Cóimheas Fíorthástála, faoi seach, do 2004, tabhair cuntas ar leachtacht an ghnólachta ag deireadh 2005. (10)
- (d) Más é 14% an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid in 2004, tabhair cuntas ar bhrabúsacht reatha an ghnólachta. (10)

**(100 marc)**

THALL→

## 6. Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin

Níor choinnigh Máire Uí Máille sraith iomlán leabhar i rith na bliana dar chríoch 31/12/2005. Seo a leanas achoimre ar leabhar an airgid don tréimhse sin.

<b>Fáltais Airgid</b>	€	€
Iarmhéid - 1/1/2005	2,800	
Féichiúnaithe	48,200	
Díolacháin	96,000	
Coimisiún	<u>3,900</u>	150,900
<b>Íocaíochtaí Airgid</b>		
Ceannacháin	28,500	
Tarraingtí	11,400	
Pá agus Speansais Ghinearálta	22,800	
Creidiúnaithe	25,200	
Troscán	14,300	
Rátaí	<u>3,200</u>	105,400

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil chomh maith:

	<b>1/1/2005</b>	<b>31/12/2005</b>
	€	€
Áitreabh	680,000	680,000
Veaineanna Seachadta	35,000	35,000
Féichiúnaithe	4,900	5,200
Creidiúnaithe	6,400	7,300
Stoc	10,400	8,700
Speansais dlite	610	740

Nóta: Veaineanna Seachadta le dímhéas de réir 25% dá gcostas in aghaidh na bliana.

### **Iarrtar ort:**

- (a) Cuntais rialúcháin a úsáid chun na ceannacháin iomlána agus na díolacháin iomlána ag Máire Uí Máille a ríomh. (30)
- (b) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2005. (30)
- (c) Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bheadh ar 31/12/2005. (40)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Welenza Tta.

<b>Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2005</b>	€
Brabús Oibriúcháin	134,000
Ús Íoctha	<u>(12,000)</u>
	122,000
Cáin	<u>(18,000)</u>
	104,000
Díbhinn mholta	<u>(32,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain	72,000
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2005	<u>23,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2005	<u>95,000</u>

<b>Clár Comhardaithe mar a bhí ar</b>	<b>31/12/2005</b>		<b>31/12/2004</b>	
	€	€	€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>				
Talamh agus Foirgnimh	680,000		510,000	
Lúide: Soláthar in aghaidh dímhéasa	<u>162,000</u>	518,000	<u>140,000</u>	370,000
<b>Sócmhainní Reatha</b>				
Stoc	124,000		96,000	
Féichiúnaithe	63,000		72,000	
Airgead	<u>14,000</u>		<u>8,000</u>	
	<u>201,000</u>		<u>176,000</u>	
<b>Lúide: Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin				
Creidiúnaithe	64,000		46,000	
Cáin	18,000		11,000	
Díbhinn Mholta	<u>32,000</u>		<u>26,000</u>	
	<u>(114,000)</u>		<u>(83,000)</u>	
<b>Sócmhainní Reatha Glan</b>		<u>87,000</u>		<u>93,000</u>
<b>Sócmhainní Iomlána Glan</b>		<u>605,000</u>		<u>463,000</u>
<b>Maoinithe ag</b>				
<b>Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				
8% Bintiúir		150,000		120,000
<b>Caipiteal agus Cúlchiste</b>				
Gnáth-scairchaipiteal Eisithe		360,000		320,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>95,000</u>		<u>23,000</u>
		<u>605,000</u>		<u>463,000</u>

### Iarrtar ort:

- (a) An Brabús Oibriúcháin a réiteach leis an Sreabhadh Glan Airgid isteach ó ghníomhaíochtaí Oibriúcháin. (30)
- (b) An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú do Welenza Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2005 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Gníomhaíochtaí oibriúcháin.
  - Toradh ar Infheistíocht agus ar Fhónamh ar Airgeadas.
  - Cáin.
  - Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais.
  - Díbhinn chothromais íoctha.
  - Maoiniú. (65)
- (c) An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an Athrú ar na Fiacha Glan. (5)

(100 marc)

**ROINN 3 (80 marc)**  
Freagair cheist **AMHÁIN** ar bith

**8. Costasaíocht Imeachach**

Comhlacht déantúsaíochta is ea Ó Duibhir Tta. a tháirgíonn aon táirge amháin. Seo an buiséad atá molta don bhliain seo chugainn.

	€	€
Díolacháin (30,000 aonad)		600,000
Costais Athraitheacha	180,000	
Costais Sheasta	<u>48,000</u>	<u>228,000</u>
Glanbhrabús		<u>372,000</u>

**Iarrtar ort iad seo a ríomh:**

1. Praghas díola na n-aonad.
2. Costas seasta na n-aonad.
3. Costas Athraitheach na n-aonad.
4. Cion tairbhe na n-aonad.
5. Pointe meá ar mheá i méid na trádála (na n-aonad) agus i luach na ndíolachán.
6. An lamháil sábháilteachta ina aonaid agus i luach na ndíolachán.
7. Cainníocht na ndíolachán a thabharfaidh brabús glan €160,000.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Tá an t-eolas seo á chur ar fáil ag Siobhán Uí Dhomhaill i mí na Bealtaine 2006:

	€
Féichiúnaithe ar 1/6/2006 (déanta suas de €73,000 ar dhíolacháin mhí Áibreáin agus €48,000 ar dhíolacháin na Bealtaine)	121,000
Creidiúnaithe ar 1/6/2006	55,000
Rótharraingt bhainc ar 1/6/2006	22,000

Measann sí gur mar seo a bheidh na díolacháin, na ceannacháin agus na speansais go ceann cúig mhí:

	Meitheamh €	Iúil €	Lúnasa €	M. Fómhair €	D. Fómhair €
Díolacháin	83,000	76,000	97,000	71,000	96,000
Ceannacháin	44,000	51,000	62,000	58,000	69,000
Speansais	15,000	17,000	14,000	18,000	20,000

Íoctar speansais de réir mar a éiríonn said.

Bíonn na díolacháin uile ar cairde agus íoctar astu dhá mhí tar éis mhí an díolacháin.

Bíonn na ceannacháin uile ar cairde, ach amháin €19,000 ar airgead tirim i Lúnasa, agus íoctar astu mí tar éis mhí an cheannacháin.

**Iarrtar ort:**

- (a) Buiséad airgid a ullmhú do gach mí sa tréimhse Meitheamh go Deireadh Fómhair, an dá mhí sin san áireamh.
- (b) Cén t-eolas is féidir le Siobhán a bhaint as an mbuiséad airgid a ullmhaíodh?

**(80 marc)**



# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán